

cluasaibh eile. Gan coinne ar bith agam leis cuireadh i n-iúl dom go raibh post mar chptaon traileire ag dul dom acht é iarraidh agus roint de'm chuid airgid fhéin a chur sa ghno! Ma's féin-mholadh agam é a rádh, ní raibh easba misnígh ag gabhail dom ar uair na faille. Rinne an margadh agus ghlac mé stiuir ar thráileir bhreagh ar liom fhein an ceathru cuid di ar mile punt.

Gluais an saol mar a d'iarrfainn as sin amach ionnós go raibh ar mo chumas an bád uilig a cheannach i gcionn trí bliadhna eile. Mí għlan na dhiaidh sin, Mean Fóghmhair na bliadhna 1937, seadh bhris an dara cogadh domhanda amach. Rinne mé mo chion, mar a rinne go leor eile ag an am, leis na saighdiuiri a thabhairt slán ó Dunkirk nuair a tharla briseadh na Fraince. Amach ó sin ni raibh de dhualgas orm acht oiread iasc a chur i dtír agus b'feidir, oir bhi an tir faoi leigear ag an báid fó-thuinn agus beatha an-ghann. D'eirigh liom go breagh sin a dheanamh ainneoin go raibh an obair contabhairtheach. Nuair a thainig si fe dheiře, thainig si ar bhealach nach raibh duil agam lei. An tubaist tá mé ag maoiħeamh. Tuairims ar dhá mhile ón gcosta a bhiomar, la grianħar tús Earraigh, huair a bhuaileamar minn mara a bhi ceilte faoi chroiceann an uisge. D'eirigh liom fhein agus mo chuid fear na cosa thabairt slán acht chuaidh m'arthach breagh go tōin taobh astoigh de deich noimeat. O tharla narbh fheidir a dħemhni warbh minn idha chuid na Gearmaine nó ceann de chuid na Breataine a rinne m'aimħleas ni raibh aon cheart agam ar aisioc mo arachas. Fuair me deontas beag ó Chumann na d'Traileiri agus gealladh post eile mar chptaon dom chomh luath is bhéadh a leitheid ar faghail. D'feadfainn bheith cinnte nach ro-fhada a bheinn ag feitħeamh leis an bhfolluntas ud. Acht d'eag rúd eigin im chroidhe istoigh nuair a chuaidh mo bhad-sa fein go grinneall agus ni raibh d'uċhtach ionnam stracadh leis an saol niba mho! Thog mé fuighleach mo chuid airgid agus d'fill mé go h-Eirinn mar a bhfuilim beo ar sin agus ar charthannacht na għomharsan ó shoin i leith. Agus sin agat mo sgeal agus caithfidh go bhfuil tuirose ort ag eisteacht liom agus deithneas abhaile ort. Guidhim slán is beannacht leat agus buidheachas do'n toitin agus da mbeadh ceann eile le sparil agat dħeanfea gar mor do sheanduine. Thug mé toitin dó agus shiubhail sé leis gan focal eile a rádh.

Is iomdha uair i rith na bliadhna dar lean a smaoinigh mé ar an seansfhear sin, ar an sgeal a d'innis sé agus ar an iomdha chor a rainig ina chinneamhaint. An Samhradh na dhiaidh sin bheartuigh mé cuaird a thabhairt ar an dūthaign cheadħna agus sgeal a bheatha a sgriobhadh sios uaidh ina iomlaine. Acht ni raibh tasg no teacht air, ainneoin gur shiubhail mé an tir magcuaird moch mall i nduil go mbuailfinn leis. Sa deireadh chuir mé a thuairisg i dtabhairne a bhi ar na gaobhair. D'aithin fear an tighe adhbhar mo cheiste laithreach.

"Seadh," ar seisean, "Sean Pól Ó Lionáin ó Lios na gCorr, is mor an diol truaighe ē. Thuit sé ó thruaċċill 'na phaiste dho agus ni raibh sé riamh acht leath ina cheill ó shoin. San Teach Mór a chaith sé bunadhas a shaoil, acht sgaoiltear amach ó am go h-am ē, oir nil dochar ar bith ann agus nuair atá breith ar a stuaim aige is breagh an sgealuidhe ē!"

\* \* \* \* \*